# ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2024

Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2023, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

## Cáin Ioncaim Phearsanta

**Creidmheasanna Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Creidmheasanna Cánach | €2023 | €2024 |
|---|---|---|
| Duine singil | 1,775 | **1,875** |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | 3,550 | **3,750** |
| Creidmheas Cánach Fostaí | 1,775 | **1,875** |
| Creidmheas Cánach i | 1,775 | **1,875** |
| Baintreach (Fir nó Mná) nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | 2,315 | **2,315** |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do | 1,650 | **1,750** |
| Creidmheas Cánach i | 3,300 | **3,500** |
| **Creidmheas Cánach na nDall** Duine Singil | 1,650 | 1,650 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta: | | |
| • Céile nó páirtnéir sibhialta amháin dall | 1,650 | 1,650 |
| • An bheirt céile nó pháirtnéirí sibhialta dall | 3,300 | 3,300 |
| **Tuismitheoir i mBaintreachas** | | |
| • Faoi mhéala in 2023 | - | 3600 |
| • Faoi mhéala in 2022 | 3,600 | 3150 |
| • Faoi mhéala in 2021 | 3,150 | 2,700 |
| • Faoi mhéala in 2020 | 2,700 | 2,250 |
| • Faoi mhéala in 2019 | 2,250 | 1,800 |
| **Creidmheas Cánach Aoise** | | |
| • Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach | 245 | 245 |
| • Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | 490 | 490 |
| Gaol Cleithiúnach | 245 | 245 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | 1,700 | **1,800** |

**Creidmheas Cánach Cíosa**
Tá an Creidmheas Cánach Cíosa ag méadú go dtí **€750** in aghaidh an duine aonair agus **€1,500** in aghaidh na lánúine atá faoin mbonn cóimheasúnaithe do 2024 agus 2025.

Beidh íocaíochtaí a dhéanann tuismitheoirí maidir le socruithe "lóistín" nó seomra ar cíos dá leanaí chun freastal ar chúrsa ceadaithe cáilithe anois don Chreidmheas Cánach Cíosa. Féadtar é seo a chur ar fáil ach amháin má tá gaol ag an éilitheoir nó ag a leanbh leis an tiarna talún. Beidh feidhm ag an athrú seo go siarghabhálach maidir le na blianta 2022 agus 2023.

**An Faoiseamh Cónaitheachta ar Cíos**
Beidh faoiseamh cánach nua do thiarnaí talún ar fáil in aghaidh ioncam cíosa ó mhaoin chónaithe do na blianta cánach 2024 go 2027, agus an dá bhliain sin san áireamh. Níl an faoiseamh ar fáil do thiarnaí talún aonair ach amháin le haghaidh tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe nó le haghaidh ligean maoine cónaithe chuig údarás poiblí. Ceanglaítear ar thiarnaí talún imréiteach cánach a bheith acu freisin agus cloí lena gCáin Mhaoine Áitiúil.

Laghdóidh an faoiseamh an cháin atá dlite ar ioncam cíosa cónaithe suas le €600 in 2024, €800 in 2025, agus €1,000 in 2026 agus 2027. Tá uasteorainn leis an bhfaoiseamh ag an dliteanas cánach ar an ioncam cíosa agus déanfar é a chionroinnt i gcás comhúinéireachta maoine. Leagfar amach tuilleadh eolais ar an bhfaoiseamh seo sa Bhille Airgeadais.

**Faoiseamh i leith Ús ar Mhorgáiste**
Tabharfar creidmheas cánach bliana sealadach isteach do cháiníocóirí a rinne íocaíochtaí i leith iasacht cháilitheach le haghaidh príomháit chónaithe phríobháideach. Beidh an faoiseamh ar fáil d'úinéirí tí a bhfuil iarmhéid morgáiste amuigh idir €80,000 agus €500,000 acu amhail an 31 Nollaig 2022. Beidh an creidmheas ar fáil i leith 2023, ar an méadú ar ús a íocadh in 2023 thar ús a íocadh in 2022. Beidh uasteorainn €6,250 in aghaidh na háite cónaithe mar ar an tsuim a cháilíonn le haghaidh faoisimh ag an ráta caighdeánach cánach, arb ionann é agus creidmheas cánach uasta €1,250. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil ar na critéir incháilitheachta don chreidmheas seo agus ar an bpróiseas trínar féidir é a éileamh ar www.revenue.ie.

**Creidmheas Cánach do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2024 curtha leis an gCreidmheas Cánach €1,500 do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh.

**Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach**
Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Cúinsí Pearsanta | €2023 | €2024 |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach | 40,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **42,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |

| | | |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil | 44,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **46,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag céile nó páirtnéir sibhialta amháin | 49,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% | **51,000 @ 20%** Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtnéirí sibhialta | 49,000 @ 20% le méadú 31,000 uas. Iarmhéid @ 40% | **51,000 @ 20%** le **méadú de 33,000 uas.** Iarmhéid @ 40% |

**Teorainneacha Díolúine**
Níor athraíodh na teorainneacha díolúine i leith Cáin Ioncaim do dhaoine 65 bliain d'aois nó níos sine.

| **Cúinsí Pearsanta** | **€2023** | **€2024** |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, 65 bliain d'aois nó níos sine | 18,000 | 18,000 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, 65 bliain d'aois nó níos sine | 36,000 | 36,000 |

Méadaítear na teorainneacha díolúine seo €575 do gach duine de na chéad bheirt leanaí cleithiúnacha, agus €830 don tríú leanbh agus gach leanbh eile dá éis sin.

**Sochar Comhchineáil ar Fheithiclí arna Soláthar ag Fostóir**
Beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm ar Shochar Comhchineáil ar fheithiclí arna soláthar ag fostóir do 2024:

- Beidh laghdú €10,000 i bhfeidhm ar an luach margaidh oscailte (LMO), chun an méid Sochar Comhchineáil iníoctha a laghdú, i gcás gach gluaisteáin i gCatagóir A,B,C agus D (seachas E) agus le gach veain.
- Fanfaidh an laghdú reatha €35,000 ar LMO i bhfeidhm maidir le gach feithicil leictreach.
- Fanfaidh an teorainn míleáiste is lú sa bhanda míleáiste is airde, a bhaineann le gluaisteáin a chuirtear ar fáil d'fhostóirí ag 48,000.

I gcás 2025, 2026 agus 2027, is iad na laghduithe ar an LMO d'fheithiclí leictreacha ná €35,000, €20,000 agus €10,000, faoi seach.

**Ioncam Áirithe ó Leictreachas a Tháirgítear trí Micrighiniúint**
Tá méid na mbrabús atá díolmhaithe ó cháin ioncaim, MSU agus ÁSPC ó mhicreaghiniúint leictreachais ag duine aonair á mhéadú ó €200 go **€400** in aghaidh na bliana. Tá síneadh á chur leis an scéim go dtí an 31 Nollaig 2025.

## Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

**Rátaí Caighdeánacha MSU**
Luaitear na hathruithe i leith tairseacha agus rátaí MSU **i gcló trom**.

| **Tairseacha MSU** | | | |
|---|---|---|---|
| **2023** | **Ráta** | **2024** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam ó €12,012.01 go dtí €22,920.00 | 2.0% | Ioncam ó €12,012.01 go dtí **€25,760.00** | 2.0% |
| Ioncam ó €22,920.01 go dtí €70,044.00 | 4.5% | Ioncam ó **€25,760.01** go dtí €70,044.00 | **4%** |
| Ioncam os cionn €70,044.00 | 8.0% | Ioncam os cionn €70,044.00 | 8% |

**Rátaí Laghdaithe MSU**
Baineann an ráta laghdaithe MSU de 2% le daoine aonair atá 70 bliain d'aois nó níos sine a bhfuil a n-ioncam comhiomlán cothrom le €60,000 bhliain nó níos lú.

Beidh an ráta laghdaithe MSU i bhfeidhm freisin do 2024 agus 2025 do shealbhóirí iomlána cárta leighis faoi bhun 70 bliain arb é €60,000 a n-ioncam comhiomlán nó níos lú don bhliain.

| **Tairseacha MSU - Rátaí Laghdaithe** | | | |
|---|---|---|---|
| **2023** | **Ráta** | **2024** | **Ráta** |
| Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% | Ioncam suas go dtí €12,012.00 | 0.5% |
| Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% | Ioncam os cionn €12,012.00 | 2.0% |

- Nóta 1: Ní áirítear in ioncam 'comhiomlán' chun críocha MSU aon íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS).
- Nóta 2: Ní mheastar cárta 'Dochtúir Ginearálta amháin' a bheith ina chárta sláinte iomlán chun críocha MSU.

## Tairseacha, faoisimh agus liúntais eile

**Cáin a Íoc trí Mhíreanna Oidhreachta a Dheonú**
Méadaíodh an uasteorainn ar luach comhiomlán na n-earraí oidhreachta a ceadaíodh le haghaidh síntiús in aon bhliain amháin go dtí **€8 milliún**.

**Faoiseamh i leith Infheistíochta i dTrádálacha Corparáideacha**
Tá athruithe ar an Dreasacht Infheistíochta Fostaíochta (EII), Faoiseamh d'Fhiontraithe i leith Cuideachtaí Nuathionscanta (SURE) agus an Dreasacht Caipitil do Ghnóthaí Nuathionscanta (SCI) go príomha mar gheall ar athruithe ar na rialacha

maidir le Státchabhair agus áirítear orthu:

- Athruithe ar na critéir incháilitheachta a bhaineann le cuideachtaí.
- Caighdeánú a dhéanamh ar an íostréimhse sealbhaíochta a theastaíonn chun faoiseamh a fháil go ceithre bliana i gcás na n-infheistíochtaí go léir.
- An t-uasmhéid infheistíochta a mhéadú ar a bhféadfaidh infheisteoir faoiseamh a éileamh ó €250,000 go **€500,000** in aghaidh na bliana.

**Liúntais Luathaithe Caipitiúil le haghaidh Trealamh Tíosach ar Fhuinneamh**
Leathnófar na liúntais chaipitil luathaithe le haghaidh Trealamh Tíosach ar Fhuinneamh go ceann dhá bhliain eile go dtí 31 Nollaig 2025.

**Liúntais Caithimh agus Cuimilte a Luathú le haghaidh Trealamh Sábháilteachta Feirme**
Tá síneadh á chur go dtí an 31 Nollaig 2026 le scéim na liúntas luathaithe a bhí le dul in éag ag deireadh na bliana seo.

**Faoiseamh i leith Ioncam Áirithe ó Thalamh Feirmeoireachta a Ligean ar Léas**
Éilíonn an t-athrú seo nach mór do léasóir a cheannaigh talamh feirmeoireachta ar chomaoin atá comhionann le luach margaidh an 1 Eanáir 2024 nó dá éis an talamh a bheith faoi úinéireacht aige ar feadh tréimhse 7 mbliana ar a laghad sular féidir leo éileamh ar fhaoiseamh a dhéanamh.

**Forálacha Speisialta do Chomhpháirtíochtaí Cláraithe Feirme**
Is é méid an fhaoisimh a fhéadtar a fháil san iomlán ná méadú ó €15,000 go **€20,000** do thréimhsí cáilitheacha dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis.

**Faoiseamh d'Fheoirmeoirí Óga Oilte**
Baineann teorainn saoil fhoriomlán le méid comhiomlán an fhaoisimh a fhéadtar a éileamh faoi:

- Faoiseamh Stoic Cánach Ioncaim
- Comhpháirtíochtaí Feirme Comharbais
- Faoiseamh Dleachta Stampa d'Fheirmeoirí Óga Oilte.

Tá an teorainn seo á mhéadú ó €70,000 go **€100,000**.

## Cáin Chorparáide

**Colún a Dó Ráta Cánach Éifeachtach Íosta**
Faoi thrasuí Threoir Íoschánach an AE, seo a leanas achoimre ar rialacha Cholún a Dó a thiocfaidh i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2023:

- Íocfaidh gnóthaí faoi raon feidhme íosráta cánach éifeachtach 15% ar a mbrabús i leith gach tíre ina n-oibríonn siad.
- Beidh feidhm aige sin maidir le gnólachtaí ilnáisiúnta agus gnóthaí intíre araon a bhfuil láimhdeachas bliantúil domhanda €750 milliún acu agus os a chionn in dhá bhliain ar a laghad de na ceithre bliana roimhe sin.

Tugadh isteach roinnt leasuithe iarmhartacha ar na forálacha atá ann cheana freisin.

**Faoiseamh Scannán Alt 481**
Méadófar an caiteachas uasta is féidir a úsáid chun an creidmheas a ríomh go **€125 milliún**, ó dháta an ordaithe tosach feidhme.

**Creidmheas Cánach Taighde & Forbartha (T&F)**
Tá roinnt leasuithe i gceist leis an gCreidmheas Cánach Corparáide T&F, lena n-áirítear:

- Méadú ar an ráta ó 25% go **30%**.
- Méadú ó €25,000 go **€50,000** i méid an chreidmheasa iníoctha i mBliain a hAon.

## Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

**Faoiseamh d'Infheisteoirí Aingeal**
Tabharfar faoiseamh CGC isteach do dhaoine aonair tríú páirtí a ghlacann scairsheilbh shuntasach mhionlaigh i gcuideachtaí nuálacha nuathionscanta ar feadh 3 bliana ar a laghad. Féadfaidh na daoine seo leas a bhaint as ráta laghdaithe éifeachtach CGC de 16%, nó 18% le haghaidh comhpháirtíochtaí. Féadtar an faoiseamh a chur i bhfeidhm ar ghnóthachan suas le dhá oiread luach a n-infheistíochta tosaigh agus tá sé faoi réir teorainn saoil €3 mhilliún. Leagfar tuilleadh sonraí amach sa Bhille Airgeadais.

**Faoiseamh Scoir**
Tiocfaidh na hathruithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le diúscairtí a dhéanfar an 1 Eanáir 2025 nó dá éis:

- Leathnófar an uasteorainn aoise a bhaineann leis an uasleibhéal faoisimh scoir ó 66 go 70, maidir le diúscairt chuig leanbh agus diúscairt chuig duine seachas leanbh.
- Cuirfidh tairseach nua teorainn le hinfhaighteacht an fhaoisimh ar dhiúscairtí chuig leanbh ag daoine aonair ó 55 bliana d'aois go dtí 70 bliain d'aois chuig sócmhainní ar luach €10 milliún nó níos lú.

Éileoidh leasú eile nach mór do dhuine aonair faoiseamh scoir a éileamh ar a dtuairisceán cánach.

## Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)

**Tairseach CFC Ghrúpa B**
Faoi láthair, féadann daoine aonair tairseach CFC Ghrúpa A a éileamh maidir le bronntanais agus oidhreachtaí a fhaightear óna dtuismitheoirí altrama. Tá cóireáil den chineál céanna le leathnú maidir le bronntanais agus oidhreachtaí a fhaightear ó laistigh de na caidrimh teaghlaigh níos leithne atá ag daoine aonair de bhua a dtuismitheoirí altrama. Sa chás go bhfuil feidhm ag an gcóireáil, beidh daoine aonair i dteideal tairseach CFC Ghrúpa B a éileamh.

## Dleacht Stampa

**Faoiseamh i leith Gaol Fola**
Gearrtar ráta laghdaithe Dleachta Stampa 1% ar aistrithe tailte feirme idir gaoil fola áirithe. Tá síneadh cúig bliana eile á chur leis an bhfaoiseamh seo go dtí 31 Nollaig 2028.

**Tobhach Bainc**
Tá tobhach bainc athbhreithnithe á thabhairt isteach do 2024, a bheidh iníoctha ag bainc a fuair cúnamh Stáit. Is é €200 milliún an spriocthoradh don tobhach do 2024. Tiocfaidh sé in ionad an tobhaigh reatha bainc, atá bunaithe ar an gCáin Choinneála ar Ús Taisce a d'íoc na bainc i mbliain shonraithe agus atá le dul in éag an 31 Nollaig 2023.

## Maoin

**Cabhair le Ceannach (CLC)**
Tá síneadh bliana eile curtha leis an scéim CLC go dtí an 31 Nollaig 2025.Leasaíodh an scéim freisin chun cur lena comhoiriúnacht leis an Scéim Cheannaigh Inacmhainne Áitiúil d'iarratasóirí incháilithe, le héifeacht ón 11 Deireadh Fómhair 2023.

**Cáin ar Thithe Folmha**
Is cáin fhéinmheasúnaithe é CCF a bhaineann le maoine cónaithe ináitrithe a áitíodh ar feadh níos lú ná 30 lá i dtréimhse inmhuirir 12 mhí, ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair den bhliain dár gcionn. Méadaíodh an ráta CCF do thréimhsí inmhuirir ón 1 Samhain 2023 ar aghaidh go dtí cúig oiread dliteanas reatha na Cánach Maoine Áitiúla ar mhaoin.

**Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC)**
Cuirfear an chéad dáta dliteanais do RZLT siar go dtí an 1 Feabhra 2025. Tabharfar deis d'úinéirí talún iarratais ar athrú ar chriosú a gcuid talún a chur faoi bhráid na n-údarás áitiúil maidir leis an bpróiseas mapála atá á dhéanamh in 2024 agus 2025.

**Tobhach ar Tháirgí Lochtacha Coincréite**
Tá an tobhach seo á leasú ionas nach mbeidh feidhm aige a thuilleadh maidir leis an gcoincréit dhoirteadh a úsáidtear i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Tá scéim aisíocaíochta á cur i bhfeidhm freisin chun ligean dóibh siúd a d'íoc an tobhach ar choincréit den sórt sin idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Nollaig 2023 é a aiséileamh.

## Cáin Bhreisluacha (CBL)

**Soláthairtí Gáis agus Leictreachais**
Tá síneadh bliana go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024 le cur i bhfeidhm ar an dara ráta laghdaithe CBL de 9% ar sholáthairtí gáis agus leictreachais.

**Ríomhleabhair agus Closleabhair**
Laghdófar an ráta CBL ar sholáthar ríomhleabhar agus closleabhar go dtí **0%**, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

**Painéil Ghréine**
Laghdófar an ráta CBL ar sholáthar agus suiteáil painéil ghréine ar fhoirgnimh scoile go **0%**, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

**Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, laghdófar an breis cothromráta d'fheirmeoirí ó 5% go dtí 4.8%.

**Tairseacha Clárúcháin CBL**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, ardófar na tairseacha láimhdeachais a bhfuil dualgas ar sholáthraithe clárú le haghaidh CBL ina ndiaidh:

- I gcás soláthraí earraí, is é **€80,000** an tairseach nua, suas ó €75,000.
- I gcás soláthraí seirbhísí (nó soláthairtí measctha), is é **€40,000** an tairseach nua, suas ó €37,500.

Féadfaidh soláthraithe a bhfuil a láimhdeachas faoi mhéid na tairsí roghnú clárú le haghaidh CBL.

## Mál

**Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)**
Tá na rátaí CTT á mhéadú le héifeacht ón 11 Deireadh Fómhair 2023. Is éard atá sa mhéadú ná **75 cent**, CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín, agus méaduithe pro rata ar tháirgí eile tobac.

**Cáin Ola Mianraí (COM)**
Bunaithe ar €56.00 an tonna $CO_2$ a ghearradh, méadófar an chomhpháirt charbóin den COM ón 11 Deireadh Fómhair 2023, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méaduithe foriomlána ar an ráta COM go dtí:

- **€606.39** an 1,000 lítear ar pheitreal agus gásailín eitlíochta.
- **€526.83** an 1,000 lítear ar dhíosal cairr agus ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireachta aeir agus áineasa príobháidí.

Tiocfaidh méaduithe ar an gcomhpháirt charbóin agus rátaí foriomlána COM ar bhreoslaí eile i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 2024.

Tá aisiompú chiorruithe ráta COM 2022, a bhí sceidealta don 31 Deireadh Fómhair 2023, curtha ar athló. Tiocfaidh méaduithe ar ráta COM ar pheitreal, díosal cairr agus ola gáis mharcáilte (MGO) i bhfeidhm anois ar an 1 Aibreán agus ar an 1 Lúnasa 2024.

**Cáin Charbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)**
Ón 1 Bealtaine 2024, bunaithe ar €56.00 an tona CO2, tiocfaidh méadú ar an ráta CCGN suas go dtí **€10.13** in aghaidh na huaire meigeavata ag luach calrach comhlán.

**Cáin Charbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)**
Bunaithe ar €56.00 an tona $CO_2$, tiocfaidh méadú ar na rátaí CCBS ón 1 Bealtaine 2024 go dtí:

- **€147.49** an tonna ar ghual
- **€102.68** an tonna ar bhrícíní móna
- **€50.88** an tonna ar mhóin mheilte
- **€76.32** an tonna ar mhóin eile.

## Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)

**Faoiseamh i leith Feithiclí Leictreacha**
Tá loghadh nó aisíocaíocht maidir le CCF le haghaidh feithiclí leictreacha lena n-áirítear gluaisrothair leictreacha á síneadh go dtí an 31 Nollaig 2025.

**Séanadh Dlíthiúil**
Tá sé i gceist go dtabharfadh an achoimre seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht gach ceist a chlúdach inti a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó caillteanas a fulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

www.revenue.ie

**Foilsithe 10 Deireadh Fómhair 2023.**